Comhairle Cathrach & Contae **Luimnigh**

Limerick City & County Council

FÓGRA POIBLÍ

AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2024 (ARNA LEASÚ) FÓGRA UM ATHRÚ UIMH. 3 A DHÉANAMH AR PHLEAN FORBARTHA LUIMNIGH, 2022 – 2028 (ARNA ATHRÚ)

TUGTAR FÓGRA LEIS SEO, de bhun Alt 58(18)(a) den Acht thuasluaite, gur chinn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, arb í an tÚdarás Pleanála do Luimneach í, ag a Cruinniú Iomlánach Comhairle an 28 Meán Fómhair 2026, Athrú Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Luimnigh, 2022–2028 (arna athrú) a dhéanamh. Beidh feidhm leis an Athrú láithreach.

Le hAthrú Uimh. 3 éascaítear soláthar tithíochta faoi dhlús agus cinntítear leis comhsheasmhacht le hathruithe a rinneadh le déanaí ar an mbeartas náisiúnta pleanála, agus ar bhealach sonrach, an Chéad Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála agus na Treoirlínte Aireachta ábhartha faoi Alt 28.

Beidh Plean Forbartha Luimnigh, 2022–2028, lena n-ionchorpraítear Athrú Uimh. 3, agus na doiciméid ghaolmhara, ar fáil lena n-iniúchadh ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, www.limerick.ie/council, agus féadfar iad a scrúdú freisin in oifigí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag Cé na gCeannaithe agus i dTuar an Daill tráth nach déanaí ná an 30 Deireadh Fómhair 2026.

Tá na doiciméid a bhaineann le hAthrú Uimh. 3 ar fáil lena gceannach freisin ón Rannóg Réamhphleanála – an Stiúrthóireacht um Pleanáil, Oidhreacht agus Corn Ryder, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Luimneach.

Mar a cheanglaítear le Rialachán 12, "Faisnéis faoin gcinneadh", de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pleanáil Úsáide Talún – Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta), 2025, beidh ráiteas, "an Ráiteas maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)", ar fáil in éineacht leis an Athrú freisin, ina ndéanfar achoimre ar na nithe seo a leanas:

(a) an chaoi ar comhtháthaíodh breithnithe comhshaoil san Athrú;
(b) an chaoi ar cuireadh san áireamh, le linn ullmhú an Athraithe, an Tuarascáil Chomhshaoil MST a ullmhaíodh don Leasú; agus na haighneachtaí agus na tuairimí a cuireadh faoi bhráid na Comhairle le linn an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an Athrú Beartaithe, na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an Athrú Beartaithe agus na doiciméid ghaolmhara uile;
(c) na cúiseanna ar roghnaíodh an tAthrú, mar a glacadh é, i bhfianaise na roghanna réasúnacha eile ar déileáladh leo; agus
(d) na bearta ar cinneadh orthu chun faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí suntasacha comhshaoil a bhaineann le cur chun feidhme an phlean, arna athrú.

Fógra Cinnidh i leith Measúnacht Chuí ar Athrú Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Luimnigh, 2022 – 2028 (arna athrú).

Ar bhonn scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (MC), chinn an Chomhairle, de bhun Alt 202 de Chuid 6 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024, arna leasú, agus chun críocha Airteagal 6(3) den Treoir Eorpach maidir le Gnáthóga, arna leasú, gur féidir a chur as an áireamh, ar bhonn faisnéis oibiachtúil, go mbeadh aon dóchúlacht ann go mbeadh aon éifeacht shuntasach ag Athrú Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Luimnigh, 2022–2028 (arna athrú), ina aonar nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar aon láithreán Eorpach. Dá bhrí sin, ní raibh gá le Measúnacht Chuí Chéim 2 i leith an Athraithe. Bhí an Cinneadh maidir le Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí bunaithe ar Thuarascáil Scagtha le haghaidh Measúnacht Chuí. Tugtar mionsonraí sa dá dhoiciméad maidir leis na cúiseanna leis an gcinneadh agus tá siad ag gabháil leis an Athrú mar a rinneadh é, ar www.limerick.ie agus in oifigí na Comhairle.

Stephane Duclot
Stiúrthóir Seirbhísí – Pleanáil, Oidhreacht agus Corn Ryder

PUBLIC NOTICE

PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2024 (AS AMENDED) NOTICE OF MAKING OF VARIATION NO. 3 TO THE LIMERICK DEVELOPMENT PLAN 2022 – 2028 (AS VARIED)

NOTICE is hereby given pursuant to Section 58(18)(a) of the above Act, that Limerick City and County Council, being the Planning Authority for Limerick, at their Full Council Meeting on 28th September 2026, resolved to make Variation No. 3 to the Limerick Development Plan 2022 – 2028 (as varied). The Variation is effective immediately.

Variation No. 3 facilitates the accelerated delivery of housing and ensures consistency with recent changes in national planning policy, specifically the National Planning Framework First Revision and the relevant Section 28 Ministerial Guidelines.

The Limerick Development Plan 2022 – 2028 incorporating Variation No. 3 and associated documents will be available to view on Limerick City and County Council's website www.limerick.ie/council, and may also be inspected at Limerick City and County Council offices at Merchant's Quay and Dooradoyle no later than 30th October 2026.

The documents relating to Variation No. 3 are also available for purchase from the Forward Planning Section – Planning, Heritage and Ryder Cup Directorate, Limerick City and County Council, Merchants Quay, Limerick.

As is required by Regulation 12 "Information on decision" of the European Union (Land Use Planning – Strategic Environmental Assessment) Regulations 2025 a statement, "the Strategic Environmental Assessment (SEA) Statement", will also be available alongside the Variation, summarising:

(a) how environmental considerations have been integrated into the Variation,
(b) how the SEA Environmental Report prepared for the Variation; and submissions and observations made to the Council during the public consultation on the Proposed Variation, the Proposed Material Alterations to the Proposed Variation and all associated documents, have been taken into account during the preparation of the Variation,
(c) the reasons for choosing the Variation, as adopted, in light of the other reasonable alternatives dealt with, and
(d) the measures decided upon to monitor the significant environmental effects of implementation of the plan, as varied.

Notice of Determination in Respect of Appropriate Assessment of Variation No. 3 to the Limerick Development Plan 2022-2028, as varied.

On the basis of a screening for Appropriate Assessment (AA), the Council has determined that: pursuant to Section 202 of Part 6 of the Planning and Development Act 2024, as amended, and for the purposes of Article 6(3) of the European Habitats Directive, as amended, that it can be excluded, on the basis of objective information, that Variation No. 3 to the Limerick Development Plan 2022-2028 (as varied), individually, or in combination with other plans and projects, does not have a likelihood for having any significant effect on any European site. Therefore, Stage 2 AA was not required for the Variation. The Screening for AA Determination was informed by a Screening for AA Report – both documents detail the reasons for the determination and accompany the Variation as made, on www.limerick.ie and at the offices of the Council.

Stephane Duclot
Director of Services –
Planning, Heritage and Ryder Cup